

Mont Clare Front Desk

From: Mary Clare McMahon <mcmcm777@hotmail.com>
Sent: 13 June 2017 10:06
To: Mont Clare Front Desk
Subject: Fw: A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóir

From: Mary Clare McMahon <mcmcm777@hotmail.com>
Sent: 13 June 2017 09:55
To: Mary Clare McMahon
Subject: A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóir

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí,

Ba mhaith liom buíochas a ghábháil libh as ucht an cuireadh a thabhairt dúinn theacht anseo agus an t-ábhar inmí seo a phlé libh. ^{tábhacht}
Le bhur gcead, labhróidh mise cúpla bomaite fán ~~cead~~ atá le scrúdú cainte agus muid ag iarraidh an Polasaí don oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm, agus ansin pléfidh mo chomhghleacaithe mar a rachaidh an tsonraíocht i bhfeidhm ar fhoghlaim, ar mhúineadh agus ar labhairt na Gaeilge sna scoileanna.

Is ionann Gaeltacht agus limistéar ina **labhraítear** Gaeilge; agus tá dualgas orainn uilig na ceantair seo a chaomhnú, a chothú agus a choinneáil ag dul. Den chuid is mó is ceantair iargulta, scoite iad ina mbíonn an dífhostaíocht agus an imirce ag ídiú an phobail de shíor. Ach tá rud amháin acu, is é sin saibhreas teanga agus cultúir, agus féadann na pobail sin a bheith bródúil astu féin dá thairbhe sin.

Dar leis na saineolaithe go mbeidh an Ghaeilge ar shiúil as na ceantair seo taobh istigh de dheich mbliana (nó 8 anois), agus caillfear an saibhreas sin, na canúintí éagsúla, foclóir agus léargas nach bhfaighidh muid ar ais go bráth.

De réir daonáireamh 2016, tháinig laghdú ar líon na gcainteoirí dúchais, ach amháin i bPort Láirge agus i gCathair na Gaillimhe. Caithfidh muid gníomhú anois agus iarracht a dhéanamh an saibhreas seo Gaeilge a shábháil agus a chaomhnú. Tá iarrachtaí déanta, leis an Acht Gaeltachta, 2012, le planáil teanga, an straitéis 20-bliain, agus anois an Polasaí don Oideachas Gaeltachta. Ach mura bhfuil daoine óga ag labhairt na teanga go laethúil, is beag toradh a bheas orthu sin.

Agus seo an t-am a socraíodh gan scrúdú cainte a bheith mar chuid den Teastas Sóisearach níos mó! Muid ag iarraidh labhairt na teanga a spreagadh agus ag an am chéanna ag déanamh ar shiúil le scrúdú a bhéarfadh le fios do dhaoine óga go bhfuil tábhacht ag baint leis an teanga labhartha.

De réir staitisticí ón Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011, bhí an tríú cuid de dhaoine óga sa Ghaeltacht (10-19) a dúirt nach raibh Gaeilge acu. sin gan trácht orthu sin atá ar nós cuma liom fuithi. Mura bhfuil buntáiste ar bith le baint as labhairt na Gaeilge cad chuige a bhfoghlaimeoidís í?

De réir Thuarascáil an Phríomhchigire, 2010-2012, ní raibh an tríú cuid de na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta/gaelscoileanna líofa go leor lena múinteoireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cé atá ag dul a chuidiú leis na scoláirí dearcadh dearfach a bheith acu fán teanga? Gan trácht ar a gcuid gaeilge a mheas.

Imeoidh cuid de na scoláirí sin chuig coláistí tríú leibhéal, cuid acu leis an mhúinteoireacht, ach an mbeidh Gaeilge líofa acu agus iad i ndiaidh teacht fríd córas nach leagtar béim ar labhairt na teanga ann? Sin an todhchaí, sin na múinteoirí a bheas ag teacht amach, sin na tuismitheoirí a bheas ann amach anseo. ~~Mura~~ bhfuil an Ghaeilge acusan, agus tuiscint ar thábhacht na Gaeilge, ní mhairfidh sí sa Ghaeltacht mar theanga labhartha.

Tá go leor le moladh fán tsonraíocht ach creidim go mbeidh drochthionchar ag an chinneadh seo, gan scrúdú cainte a bheith ann, ar labhairt na teanga; agus go gcuirfidh sé isteach ar an obair a bheas ar siúil ag na coistí pleánala teanga agus ag na scoileanna a bheas ag iarraidh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.

Go mion minic sa Ghaeltacht bíonn trácht ar 'Ghaeilge na Leabhar' nó 'Book Irish' mar is minice ráite; cainteoirí dúchais ag maoímh nach dtuigeann siad an Ghaeilge a fhoghlaimítear sna scoileanna, agus go minic is Béarla a labhraíonn siad leis an Aos óg. Caillfear na canúintí, an foclóir agus uathúlacht na gceantar seo má imíonn an Ghaeilge. Caithfidh muid deiseanna a chur ar fáil do na scoláirí cumarsáid ~~fríneach~~, *fhíreana* nadúrtha a bheith acu le pobal na scoile cinnte, ach leis an phobal a bhfuil siad mar pháirt dó chomh maith. Mar is minice ag caint iad, mar is líofa a bheas siad. Beatha teanga í a labhairt!

Tá sé i gceist athomharc a bheith ann i gceann trí bliana- beidh sé ró-mhall an t-am sin.

Credim gur chóir do scrúdú cainte a bheith mar chuid den Scrúdú Ghaeilge, ach mura bhfuilltear sásta leis sin, cad chuige nach gcoinnítear an scrúdú roghnach ar a laghad?

Is é ba mhaith liomsa, agus creidim go gcuideodh sé leis an Ghaeilge a láidriú, ná 50% de na marcanna a bheith ag dul don teanga labhartha i scoileanna a bhfuil na scoláirí ag foghlaim fríd an Ghaeilge iontu. Sin a thrial, agus athomharc a dhéanamh i gceann trí bliana.

Má tá toradh fiúntach ag dul a bheith ar na h-iarrachtaí seo uilig an Ghaeilge a chaomhnú, a láidriú, a chur chun cinn, tá mórghníomh suntasach cróga de dhíobháil anois.

An t-am deireanach a rinneadh cinneadh cróga fán Ghaeilge bunaíodh Gaeltacht na Mí, i 1935. Ba mhaith an cinneadh é!

Go raibh maith agaibh.

Sent from my iPad